BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra)

12 Feabhra 2025*

(Státseirbhís – Ball foirne SEGS – Luach saothair – Liúntais teaghlaigh – Liúntas oideachais – Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne – Éileamh ar aisíocaíochtaí costais a bhaineann le naíolann agus scoil – Cinneadh maidir le diúltú)

I gCás T-17/24,

UL, agus na hiarratasóirí eile atá ainmnithe san Iarscríbhinn,[1] dá ndéanann A. Guillerme, T. Bontinck agus F. Patuelli, Dlíodóirí, ionadaíocht,

iarratasóirí,

v

an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), dá ndéanann R. Coesme, S. Falek agus T. Payan, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: O. Porchia, Uachtarán, M. Jaeger agus L. Madise (Rapóirtéir), Breithiúna,

Cláraitheoir: H. Eriksson, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 15 Deireadh Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

[1] Gabhann liosta na n-iarratasóirí eile leis an leagan a seirbheáladh ar na páirtithe agus na seolaithe, agus leis an leagan sin amháin, dá dtagraítear in Airteagal 55 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Breithiúnas [2]

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, UL agus an seisear duine nádúrtha atá ainmnithe san Iarscríbhinn, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí cinntí ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a bhí i ríomhphoisteanna an 15 Feabhra, an 23 Márta, an 27 Aibreán, an 2, an 5 agus an 8 Bealtaine 2023 ('na cinntí atá faoi chonspóid') a seoladh chucu mar fhreagra ar a n-iarratais maidir le méid an liúntas dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ('na Rialacháin Foirne') do leanaí cleithiúnacha faoi 5 bliana d'aois ('Liúntas A') agus, ar an dara dul síos, aitheantas a thabhairt dá gceart táirbhe a bhaint as an liúntas sin, dá leanaí faoi 5 bliana d'aois, le haghaigh méid arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus aird a thabhairt ar imthosca eisceachtúla maidir lena staid.

Cúlra na díospóide

2 Is oifigigh agus gníomhairí SEGS atá fostaithe sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe iad na hiarratasóirí. Chuir siad iarrataí isteach ar mhéid liúntais A a raibh siad ina theideal dá leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois. Leis na cinntí atá faoi chonspóid, dhéileáil SEGS leis na hiarrataí sin.

3 Rinne na hiarratasóirí gearáin ar bhonn Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, ag maíomh, go bunúsach, gur cheart méid Liúntas A a ríomh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Diúltaítear do na gearáin sin le cinntí an 29 Meán Fómhair 2023.

4 Sna cinntí lena ndiúltaítear do na gearáin, chuir SEGS in iúl, *inter alia*, go leagtar síos in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, chun tairbhe na n-oifigigh agus na ngníomhairí eile atá ag fónamh i dtríú tír, scéim speisialta a bhaineann go heisiach le méid an liúntais oideachais dá bhforáiltear in Airteagal 3(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne do leanaí cleithiúnacha atá cúig bliana d'aois ar a laghad ('Liúntas B'), agus ní le méid an Liúntas A. Dá bhrí sin, de réir SEGS, i ndáil le hoifigigh agus gníomhairí eile a bhfuil a leanaí níos óige ná cúig bliana d'aois, níl sé de cheangal dlíthiúil ar na hinstitiúidí Liúntas A a íoc ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

5 Luaitear sna cinntí lena ndiúltaítear do na gearáin gur chinn SEGS, agus úsáid á baint aici as a neamhspleáchas institiúideach, mar sin féin Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm 'de réir analaí' maidir le hoifigigh agus le gníomhairí atá ag fónamh i dtríú tír a bhfuil a leanaí idir trí bliana agus cúig bliana d'aois. Faoin gcur chuige sin, 'an-fhlaithiúil' mar a thugtar air, baineann na hoifigigh agus na gníomhairí lena mbaineann tairbhe as, sa bhreis ar Liúntas A, mar a thugann SEGS air, 'forlíonadh institiúideach aisíocaíochta' ('forlíonadh institiúideach'). I ndáil leis sin, féadfaidh oifigigh agus gníomhairí atá ag fónamh i dtríú tír aisíocaíocht a fháil ar na costais a thabhaítear d'oideachais a leanaí idir trí bliana agus cúig bliana d'aois, faoi réir uasmhéid arna sainiú 'de mheon' Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe arna leagan síos ag SEGS sa doiciméad inmheánach dar teideal 'EU Delegations' Guide – Education allowances' ('an Treoirleabhar do Thoscaireachtaí').

[2] Ní atáirgtear ach na míreanna den bhreithiúnas seo ar mheas an Chúirt Ghinearálta go raibh gá leo.

6 Maíonn SEGS, sna cinntí lenar diúltaíodh do na gearáin, gur chuir sé ar chumas a oifigigh agus a ghníomhairí tairbhe a bhaint as buntáiste a théann thar an méid dá bhforáiltear le cur i bhfeidhm docht na Rialachán Foirne. Luaitear ann, áfach, go bhfuil lánrogha leathan aige maidir leis an mbealach ina n-úsáideann sé an t-imchlúdach buiséadach arna leithdháileadh ar chaiteachas neamhéigeantach a chinneadh. Dá bhrí sin, measann SEGS, i bhfianaise na lánrogha leithne sin, go raibh sé saor, chun an uasmhéid don fhorlíonadh institiúideach a shainiú, gan Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm ach go páirteach.

An t-ordú atá á lorg

7 Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

– na cinntí atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– aitheantas a thabhairt dá gceart tairbhe a bhaint, dá leanaí faoi 5 bliana d'aois, as Liúntas A arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus na himthosca eisceachtúla a bhaineann leo á gcur san áireamh;

– a ordú do SEGS na costais a íoc.

8 Iarrann SEGS, go bunúsach, ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú do na hiarratasóirí na costais a íoc.

An dlí lena mbaineann

Na héilimh le haghaidh neamhní

[*omissis*]

An chéad saincheist dlí

10 Lena gcéad saincheist dlí, cuireann na hiarratasóirí i gcoinne an léirithe a ghlac SEGS, ar dá réir a bhfuil Liúntas A eisithe ó chur i bhfeidhm Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

[*omissis*]

15 Leagtar síos le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne na rialacha i ndáil le luach saothair agus le haisíocaíocht costais. Tá forálacha maidir le liúntais teaghlaigh i Roinn 1, Airteagail 1 go 3.

16 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid:

'1. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sna forálacha ginearálta cur chun feidhme an Airteagal seo, gheobhaidh oifigeach liúntas oideachais arb ionann é agus na costais oideachais iarbhír a thabhóidh sé go dtí uasmhéid [EUR] 311,65 in aghaidh na míosa maidir le gach leanbh cleithiúnach, laistigh de chiall Airteagal 2(2) den Iarscríbhinn seo, a mbeidh ar a laghad 5 bliana d'aois agus a bheidh ag freastal go lánaimseartha ar bhunscoil táille nó ar mheánscoil táille nó ar fhoras ardoideachais. [...]

2. Do gach leanbh cleithiúnach laistigh de chiall Airteagal 2(2) den Iarscríbhinn seo a bhfuil níos lú ná cúig bliana d'aois nó nach bhfuil fós ag freastail go lánaimseartha ar bhunscoil nó ar mheánscoil, tá méid an liúntais seo socraithe ag [EUR] 112.21 in aghaidh na míosa.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

[*omissis*]

19 Faoi Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne:

'Maidir leis na coinníollacha a leag an t-údarás ceapacháin síos, gheobhaidh an t-oifigeach liúntas oideachais chun na costais oideachais iarbhír a tabhaíodh a chumhdach. Íocfar an liúntas sin nuair a thabharfar doiciméid tacaíochta ar aird. Seachas i gcásanna a measfaidh an t-údarás ceapacháin go bhfuil siad eisceachtúil, ní sháróidh an liúntas sin trí oiread uasmhéid an liúntais oideachais dúbailte.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

[*omissis*]

21 Mar réamhbharúil, ní mór a mheabhrú go gceanglaítear le léiriú forála de dhlí an Aontais go gcuirfear san áireamh ní hamháin a téarmaí, ach freisin an comhthéacs ina bhfuil sí leagtha síos agus na cuspóirí agus an chríoch a shaothraítear leis an ngníomh ar cuid dó í. Féadfaidh stair reachtach forála de dhlí an Aontais léiriú a dhéanamh ar fhaisnéis atá ábhartha maidir lena léiriú (féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *A agus páirtithe eile (Tuirbíní gaoithe ag Aalter agus Nevele)*, C-24/19, EU:C:2020:503, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

22 Ba cheart a mheabhrú freisin nach mór forálacha dhlí an Aontais, lena dtugtar ceart chun sochair airgeadais a fháil, a léiriú go docht (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Iúil 2017, *an Coimisiún* v *RN*, T-695/16 P, nár foilsíodh, EU:C:2017:520, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Maidir le foclaíocht Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sonraítear leis an bhforáil sin go bhfuil an liúntas a ainmnítear beartaithe chun na 'costais oideachais iarbhír' a chumhdach, go n-íoctar é 'ar fháil na ndoiciméad tacaíochta' agus, seachas i gcásanna eisceachtúla, nach féidir leis an liúntas sin a bheith níos mó ná uasmhéid áirithe. Is féidir a thuiscint ón bhfoclaíocht sin in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne nach féidir feidhm a bheith ag an bhforáil sin ar Liúntas A, ar liúntas comhréidh é, nuair atá an méid seasta do gach táirbhí agus nach mbraitheann sé ar na costais arna dtabhú ag na táirbhithe sin le haghaidh oideachas a linbh. Mar thoradh air sin, nuair a luaitear le hAirteagal 15

d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne 'trí oiread uasmhéid an liúntais oideachais dúbailte', déantar tagairt mar is gá do Liúntas B, lena gcumhdaítear costais oideachais arna dtabhú ag táirbhithe an liúntais sin faoi réir uasmhéid míosúil.

24 I dtaca lena léiriú, maíonn na hiarratasóirí gur '"uasmhéid" de réir bhrí Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne' é an liúntas comhréidh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Níl an léiriú sin comhoiriúnach le foclaíocht na bhforálacha sin, áfach. Go deimhin, maidir leis an ngnáthbhrí i ngnáthchaint na gcoincheap sin, ní féidir an téarma 'méid', a dtagraíonn anseo do mhéid airgid thart a bhaineann leibhéal arna shainiú go sonrach amach, a mheas mar chomhchiallach nó téarma coibhéiseach 'uasmhéid', a dtagraíonn do theorainn uachtarach nach bhféadfaí a shárú.

25 Maíonn na hiarratasóirí, thairis sin, nach mór an coincheap 'costais oideachais' a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear costais a bhaineann le naíolann agus le cúraim leanaí freisin. Níl an argóint sin, áfach, lena gcumhdaítear go heisiach an coincheap 'costais oideachais', de chineál, i gcás ar bith, lena ndéantar an anailís a neamhbhailíochtú nuair nach bhféadfadh le hAirteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, lena dtagraítear do liúntas chun costais oideachais iarbhír a aisíoc ar fháil na ndoiciméad tacaíochta agus faoi réir uasmhéid nach bhféadfar a shárú ach amháin i gcásanna eisceachtúla, a bheith bainteach le Liúntas A, a íoctar ar bhonn liúntas comhréidh.

26 Is léir ón méid thuas go dtacaíonn anailís na foclaíochta in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne le léiriú nach dtagann ach Liúntas B amháin faoi raon feidhme na forála sin.

27 Maidir leis an léiriú comhthéacsúil, maíonn na hiarratasóirí gur cheart anailís a dhéanamh ar Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i gcomhar le hAirteagal 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Meabhraíonn siad i ndáil leis sin, i mbreithiúnas an 14 Nollaig 2017, *Trautmann* v *SEGS* (T-611/16, nár foilsíodh, EU:T:2017:917, mír 53) gur shonraigh an Chúirt Ghinearálta go bhfuil forálacha suntasacha agus maoluithe ar Airteagal 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne do na hoifigigh atá ag fónamh i dtríú tír in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

28 Dearbhaíonn an Chúirt Ghinearálta, agus anailís á déanamh ar chomhthéacs Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, nach mór Airteagal 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur san áireamh, ós rud é go dtugtar isteach leis an gcéad fhoráil, d'oifigigh agus do ghníomhairí atá ag fónamh i dtríú tír, rialacha lena maolaítear go páirteach ó na rialacha a leagtar síos le hAirteagal 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go sonraítear le hAirteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne go mbaineann an t-oifigeach tairbhe as 'liúntas oideachais chun na costais oideachais iarbhír a chumhdach'. Dá bhrí sin, áirítear i bhfoclaíocht na forála sin téarmaí Airteagal 3(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, lena bhforáiltear 'go mbainfidh an t-oifigeach tairbhe as liúntas oideachais atá beartaithe chun na costais oideachais a íocann sé a chumhdach'. Ós rud é go n-úsáideann reachtóir an Aontais téarmaí comhchosúla chun an liúntas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a ainmniú agus go dtacaíonn an méid a luaitear in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne leis an léiriú nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin ach amháin maidir leis an liúntas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is é sin le rá, maidir le Liúntas B. Os a choinne sin, déantar Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, a

bhaineann le Liúntas A, a dhréachtú i dtéarmaí atá éagsúil leo siúd a úsáidtear i mír 1 den Airteagal sin agus leo siúd a úsáidtear in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Go deimhin, tagraítear le hAirteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne do 'liúntas' nach dtugtar 'liúntas oideachais' air go sonrach agus lena bhforáiltear go n-íoctar an liúntas sin ar bhonn cnapshuim mhíosúil. Ciallaíonn íocaíocht an liúntais sin ar bhonn ráta comhréidh nach bhfuil sé beartaithe leis an liúntas sin, i gcodarsnacht le Liúntas B, na costais iarbhír arna dtabhú ag an oifigeach nó an gníomhaire lena mbaineann chun oideachas a linbh a chumhdach.

29 Maidir le stair reachtach Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, luann na hiarratasóirí gur cruthaíodh an iarscríbhinn sin le Rialachán (Euratom, ECSC, CEE) Uimh. 3019/87 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 1987 lena bhunaítear forálacha suntasacha agus maoluithe is infheidhme maidir le hoifigigh na gComhphobal Eorpach atá ag fónamh i dtríú tír (IO 1987 L 286, lch. 3). Cuireann na hiarratasóirí in iúl, ar an dáta sin, nár foráladh leis na Rialacháin Foirne ach d'íocaíocht Liúntas B. Tugadh na forálacha a bhaineann le Liúntas A isteach sna Rialacháin Foirne le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leasaítear na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach (IO 2004 L 124, lch. 1). Sonraíonn na hiarratasóirí nár úsáideadh sa téacs sin an nath 'liúntas réamhscoile' a bhí le feiceáil ar dtús sa togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach (COM(2002) 213 final). Tugtar le fios uaidh sin gur roghnaigh reachtóir an Aontais gan idirdhealú a dhéanamh idir 'liúntas oideachais' agus 'liúntas réamhscoile' agus, dá bhrí sin, is liúntas oideachais é Liúntas A, ar chomhchéim le Liúntas B.

30 Tá an argóint sin neamhleordhóthanach áfach chun teacht ar an gconclúid gur mheas reachtóir an Aontais, trí na forálacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur leo, gur tháinig an liúntas a cruthaíodh ar an gcaoi sin faoi raon feidhme Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Go deimhin, sa chéad áit, ní leor nach dtugtar liúntas réamhscoile ar Liúntas A sa téacs a glacadh ar deireadh chun a mheas go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais, maidir leis an liúntas sin, na rialacha maoluithe a leagtar síos in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm, maidir le hoifigigh agus gníomhairí atá ag fónamh i dtríú tír. Sa dara háit, mar a mhaíonn SEGS, ní raibh leasú ar Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis Rialacháin Foirne ag gabháil le glacadh na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne in 2004. Mar a shonraíonn SEGS, ní féidir éagmais leasú ar Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a léiriú sa chaoi, murab ionann agus Liúntas B, nach raibh sé i gceist ag reachtóir an Aontais coinníollacha suntasacha agus maoluithe a leagan síos chun an liúntas comhréidh nuachruthaithe a dheonú d'oifigigh agus do ghníomhairí atá ag fónamh i dtríú tír.

31 Ar deireadh, faoi chuspóirí Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, tagraíonn na hiarratasóirí don bhrollach a ghabhann le Rialachán Uimh. 723/2004 agus, go háirithe, d'aithrisí 26 agus 27 ina leagfar amach, faoi seach, gur cheart an liúntas oideachais a thabhairt níos gaire do leibhéal iarbhír an chaiteachais agus gur gá córas na liúntas teaghlaigh a athchóiriú chun staid na dteaghlach a fheabhsú agus chun déileáil go háirithe le deacrachtaí tuismitheoirí leanaí óga.

32 Ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús nach dtagann Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne ó Rialachán Uimh. 723/2004 agus níor leasaíodh é a thuilleadh leis an Rialacháin sin. Mar thoradh air sin, ní féidir an Airteagal sin a léiriú i bhfianaise aithrisí an Rialacháin sin.

33 Mar a tharlaíonn, níl na cuspóirí a leagtar amach i mír 31 thuasluaite den chineál chun tacú le léiriú Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne arna chosaint ag na hiarratasóirí. Ar an gcéad dul síos, ní bhaineann an cuspóir an liúntais oideachais a thabhairt níos gaire do leibhéal caiteachais ach le Liúntas B, toisc go bhfuil sé bearthaithe aige, i gcodarsnacht le Liúntas A, na costais oideachais arna n-íoc ag na hoifigigh agus na gníomhairí a chumhdach faoi réir uasmhéid. Ar an dara dul síos, cé go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais an cuspóir a shaothrú maidir le feabhas a chur ar staid na dteaghlach, agus go háirithe ar staid thuismitheoirí na leanaí óga, is léir ó aithris 27 de Rialachán Uimh. 723/2004 go mbaineann an cuspóir sin leis an gcóras liúntais teaghlaigh ina iomláine agus nach mbaineann sé go sonrach le Liúntais A agus B. Ar aon chuma, ní leor an cuspóir sin, arna chur in iúl i dtéarmaí ginearálta, chun a chinneadh go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais foráil a dhéanamh go bhféadfaidh oifigigh agus gníomhairí atá ag fónamh i dtríú tír Liúntas A tairbhe a bhaint as faoi choinníollacha atá éagsúil leis na coinníollacha sin a bhfuil feidhm acu maidir le hoifigigh agus gníomhairí eile atá fostaithe laistigh den Aontas Eorpach.

34 Déanann na hiarratasóirí tagairt freisin don bhrollach a ghabhann le Rialachán Uimh. 3019/87, lena luaitear 'go bhfuil sé riachtanach forálacha áirithe a leagan síos do na hoifigigh atá ag fónamh i dtríú tír, mar gheall ar dhálaí maireachtála áirithe'. Cé gur léir ón mbrollach, áfach, gurb í aidhm do reachtóir an Aontais pointí áirithe d'fhorálacha na Rialachán Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh atá ag fónamh i dtríú tír a fhorlíonadh, ní féidir teacht ar chonclúid ó fhoclaíocht chuspóir ginearálta den sórt sin a bhaineann le raon feidhme Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

35 Braitheann na hiarratasóirí ar bhreithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2018, *PO agus páirtithe eile* v *SEGS* (T-729/16, EU:T:2018:721) freisin. Sa chás sin, áfach, léirigh an Chúirt Ghinearálta an dara habairt d'Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, go háirithe, an coincheap 'cásanna eisceachtúla' a úsáidtear ann. Mar sin féin, níor thug an Chúirt Ghinearálta rialú ar an gceist cé acu a thagann nó nach dtagann Liúntas A faoi raon feidhme Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Dá réir sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an cás a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta sa chás seo go heisiach le táirbhí Liúntas B. Ní cheadaítear leis an mbreithiúnas sin, dá bhrí sin, aon chonclúid a tharraingt maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne maidir le hoifigigh agus gníomhairí eile atá ag fónamh i dtríú tír a fhaigheann Liúntas A.

36 Ina theannta sin, mar a mhaíonn na hiarratasóirí, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire gurb é ceann de na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne gur cheart caitheamh le hoifigigh atá ag fónamh i dtríú tír ar bhealach neamh-idirdhealaitheach i gcomparáid le hoifigigh atá fostaithe laistigh den Aontas Eorpach maidir le hoideachais do leanaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2018, *PO agus páirtithe eile* v *SEGS*, T-729/16, EU:T:2018:721, míreanna 68 agus 97). Ní thugtar údar leis an gcuspóir, áfach, maidir le hidirdhealú a n-oifigeach atá ag fónamh lasmuigh den Aontais a sheachaint, leis féin, Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an bhforáil sin ar Liúntas A agus Liúntas B araon. Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur mheas an Chúirt Ghinearálta, le haghaidh léiriú Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, nach mór cuspóir reachtóir an Aontais

chun chinntiú nach gcuirfidh caiteachais iomarcacha le cailliúintí ó bhuiséad SEGS a chur san áireamh freisin, ón méid a thuig an Chúirt Ghinearálta, le haghaidh cur chun feidhme an dara habairt den Airteagal sin, go bhfuil SEGS i dteideal na srianta buiséadacha a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2018, *PO agus páirtithe eile* v *SEGS*, T-729/16, EU:T:2018:721, míreanna 70 agus 72). Mar sin féin, agus cuspóir den sórt sin á cur san áireamh, níl sé de chineál chun tacú le léiriú arna chosaint ag na hiarratasóirí, a thagann faoi raon feidhme leathan na forála atá faoi cheist.

37 Is léir ón méid thuas go dtacaíonn anailís ar na téarmaí, ar chomhthéacs agus ar stair reachtach Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne leis an léiriú arna chosaint ag SEGS, nach dtagann ach Liúntas B amháin faoi raon feidhme na forála sin. Os a choinne sin, ní cheadaítear le hanailís na gcuspóirí atá á saothrú ag reachtóir an Aontais tacú leis an léiriú contrártha arna chosaint ag na hiarratasóirí. Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara go nglactar raon feidhme leathan den fhoráil atá i gceist mar thoradh ar an léiriú sin, contrártha leis an bprionsabal a luaitear i mír 22 thuasluaite, ar dá réir nach mór forálacha dhlí an Aontais lena dtugtar an ceart sochair airgeadais a fháil a léiriú go docht.

38 I bhfianaise an méid sin go léir, ní mór Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a léiriú sa chaoi nach mbeidh feidhm ag na rialacha sonracha a leagtar síos leis chun táirbhe na n-oifigeach agus na ngníomhairí atá ag fónamh i dtríú tír ach amháin ar Liúntas B agus ní ar Liúntas A.

39 Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, ní leanann aon oibleagáid do SEGS táirbhe Liúntas A a sholáthar dá oifigigh agus dá ghníomhairí trí na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 15 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm ón Airteagal sin.

[*omissis*]

41 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí.

[*omissis*]

Ar an bhforas sin,

dearbhaíonn agus ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Deichiú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. Díbhtear don chaingean.

2. Ordaítear do UL agus na hiarratasóirí eile atá ainmnithe san iarscríbhinn a gcostais féin agus na costais arna dtabhú ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a íoc.

Porchia Jaeger Madise

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg an 12 Feabhra 2025

[Sínithe]